

Tá vacsaín COVID-19 anseo agus tá FnaSS á dáileadh anois ar fud an stáit.

Tabharfaidh vacsaín COVID-19 cosaint duit i gcoinne COVID-19 chomh maith le cosaint i gcoinne iarmhairtí an ghalair. Má fhaigheann daoine an vacsaín seo, ba chóir go dtitfeadh an líon daoine a bheidh an-tinn sa phobal nó a gheobhaidh bás de bharr COVID-19.



Plean dáilte

Caithfidh muid an vacsaín a thabhairt do na daoine is leochailí ar dtús de bharr nach bhfuil go leor vacsaíní ar fáil faoi láthair. Beidh an vacsaín á tairiscint d'oibríthe cúraim sláinte a mbíonn teagmháil dhíreach acu leis an phobal agus do dhaoine atá 65 bliain nó níos sine, in ionaid cúraim fadtéarmacha ar dtús. Táimid i mbun na hoibre seo anois - agus tabharfar na mílte dáileog de vacsaín COVID-19 amach in ionaid cúraim sláinte agus cúram fadchónaitheacha sa stát roimh dheireadh mí Feabhra 2021. Tabharfar an vacsaín do dhaoine eile nuair a bheidh sí ar fáil. Tá eolas faoi na grúpaí tosaíochta ar fáil ag gov.ie



Faigh eolas faoi vacsaín COVID-19

Tá sé tábhachtach go bhfaighfeá eolas faoin vacsaín ó fhoinse iontaofa . Gheobhaidh tú eolas ó shaineolaithe ar hse.ie/covid19vaccine, faoi

- Céard é an vacsaín COVID-19
- Cé a gheobhaidh an vacsaín i dtosach, an fáth atá leis seo, agus cá bhfaighidh tú í
- An tábhacht atá le vacsaín COVID-19 a fháil nuair a thairgfear duit í?
- Cé nár chóir dóibh í a fháil nó fanacht tamall
- Sábháilteacht na vacsaíne agus fo-iarmhairtí

Sula dtugann tú do chead an vacsaín a fháil, tabharfar bileog Eolais FnaSS agus Bileog Eolais d'Othair an tairgeora duit. Is féidir iad a léamh anseo fosta hse.ie/covid19vaccinematerials



Sábháilteacht agus éifeachtacht na vacsaíne

Sábhálann vacsaíní idir 2 go 3 milliún duine ar a laghad, ón mbás ar fud an domhain gach bliain agus tugann siad cosaint do mhórán eile ó thinnis fadtéarmacha. Déantar tástálachta sábháilteachta agus éifeachtachta ar vacsaíní sula n-úsáidtear iad. Ní bhaineann FnaSS úsáid as vacsaín ach amháin má shásaíonn siad na caighdeáin sábháilteachta agus éifeachtachta cuí ar nós an vacsaín atá á tairiscint duit

Bhí cosaint ag 95% de na daoine (16 bl. agus os a chionn), a fuair an vacsaín le linn trialacha, i gcoinne COVID-19 . Tá sé chomh héifeachtach céanna do dhaoine atá níos sine, ina measc, daoine os cionn 65 bliain d'aois. Déantar monatóireacht chúramach go rialta ar gach vacsaín COVID-19 agus foilseoidh agus roinnfí FnaSS na sonraí agus an t-eolas sábháilteachta seo .



Cosaint i gcoinne COVID-19

Tá muid fós i gcontúirt ó COVID-19. Tá srianta leibhéal 5 i bhfeidhm sa stát. agus caithfidh muid fanacht sa bhaile chun muid féin, ár muintir agus ár gcairde a chosaint

Lean ort

- ag ní do lámha go minic agus mar is ceart
- ag cleachtadh an scaradh sóisialta
- ag clúdach do chasacht agus do shraothartach
- Faigh Aip an Rianaire Teagmhála ag covidtracker.ie

Fan asat féin má tá comharthaí COVID-19 ort, le do thoil. Fan i do sheomra agus cuir scairt ar do dhochtúir chun coinne saor in aisce a shocrú duit.

Cuir srian le do ghluaiseachtaí más gartheagmhálaí tú le cás dearbhaithe, nó má chónaíonn tú le duine a bhfuil comharthaí air. Fan sa bhaile ar feadh 14 lá, fiú, má airíonn tú go maith. D'fhéadfadh COVID-19 a bheith ort i ngan fhios duit agus d'fhéadfá é a thabhairt do dhaoine eile.

Tá ár n-iompar anois níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh. Go raibh maith agat as do chion féin a dhéanamh.

Chun eolas cruinn iontaofa ó shaineolaithe a fháil, féach ar HSE.ie

#HoldFirm



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland